2025/1810

12.9.2025

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1810 ÓN gCOIMISIÚN

**an 11 Meán Fómhair 2025**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le trealamh curtha le haghaidh ábhair bhrataithe, innealra le haghaidh ábhair leachtacha bhrataithe a sholáthar agus a chur i gcúrsaíocht, córais plúchta pléisce agus córais churtha leictreastatacha uathoibríocha le haghaidh ábhair bhrataithe leachtacha inadhainte**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), táirgí atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna de chaighdeáin chomhchuibhithe, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis gur táirgí iad atá i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin, ar ceanglais fhíor-riachtanacha iad a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó leis na codanna díobh.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 4798 ón gCoimisiún ([3]), d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin chomhchuibhithe agus an obair ar na dréachtchaighdeáin a thabhairt chun críche chun tacú le Treoir 2014/34/AE (an 'iarraidh'). Na caighdeáin chomhchuibhithe a iarradh, bhí siad chun aghaidh a thabhairt ar na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Airteagal 4 de Threoir 2014/34/AE agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin.

(3) Ar bhonn na hiarrata, rinne CEN athbhreithniú ar an gcaighdeán comhchuibhithe seo a leanas, caighdeán ar foilsíodh an tagairt dó le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668 ón gCoimisiún ([4]): EN 1953:2013 – Trealamh adamhaithe agus spraeála le haghaidh ábhair a chumhdach - Riachtanais sábháilteachta Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán comhchuibhithe EN 1953:2025 – Trealamh curtha le haghaidh ábhair bhrataithe – Ceanglais sábháilteachta.

(4) Ar bhonn na hiarrata, rinne CEN athbhreithniú ar an gcaighdeán comhchuibhithe seo a leanas, caighdeán ar foilsíodh an tagairt dó le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668: EN 12621:2006+A1:2010 – Innealra chun ábhair chumhdaigh faoi bhrú a sholáthar agus a scaipeadh - Ceanglais sábháilteachta. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán comhchuibhithe EN 12621:2025 – Innealra le haghaidh ábhair leachtacha bhrataithe a sholáthar agus a chur i gcúrsaíocht – Ceanglais sábháilteachta.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá beartaithe le húsáid in atmaisféar a d'fhéadfadh a bheith pléascach (IO L 96, 29.3.2014, lch. 309, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/34/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 4798 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2023 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil a mhéid a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá beartaithe le húsáid in atmaisféar a d'fhéadfadh a bheith pléascach, ar caighdeáin iad a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2022 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le trealamh agus le córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 251, 29.9.2022, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/1668/oj).

(5) Ar bhonn na hiarrata, rinne CEN athbhreithniú agus leasú ar an gcaighdeán comhchuibhithe seo a leanas, ar caighdeán é ar foilsíodh an tagairt dó le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668: EN 14373:2021 – Córais plúchta pléisce. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán comhchuibhithe EN 14373:2021/A1:2025 – Córais plúchta pléisce.

(6) Ar bhonn na hiarrata, rinne CEN athbhreithniú ar an gcaighdeán comhchuibhithe seo a leanas, caighdeán ar foilsíodh an tagairt dó le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668: EN 50176:2009 – Trealamh leictreastatach seasta feidhme le haghaidh ábhar brataithe leachta in-adhainte – Ceanglais sábháilteachta Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán comhchuibhithe EN 50176:2025 – Córas curtha leictreastatach uathoibríoch le haghaidh ábhair leachtacha inadhainte bhrataithe – Ceanglais sábháilteachta.

(7) Rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann caighdeáin EN 1953:2025, EN 12621:2025, EN 14373:2021/A1:2025 agus EN 50176:2025 an iarraidh.

(8) Caighdeáin EN 1953:2025, EN 12621:2025, EN 14373:2021/A1:2025 agus EN 50176:2025, is caighdeáin iad a chomhlíonann na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/34/AE. Is iomchuí, dá bhrí sin, na tagairtí a bhaineann leis na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(9) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668 tugtar na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le Treoir 2014/34/AE. Chun a áirithiú go liostófar in aon ghníomh amháin na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2014/34/AE, ba cheart na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 1953:2025, EN 12621:2025, EN 14373:2021/A1:2025 agus EN 50176:2025 a chur san Iarscríbhinn sin.

(10) Is gá na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 1953:2013, EN 12621:2006+A1:2010, EN 14373:2021 agus EN 50176:2009 a tharraingt siar as sraith L d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ós rud é go ndearnadh athbhreithniú orthu. Is iomchuí, dá bhrí sin, na tagairtí sin a scriosadh ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668.

(11) Chun a ndóthain ama a thabhairt do mhonaróirí ullmhú do chur i bhfeidhm chaighdeáin chomhchuibhithe EN 1953:2025, EN 12621:2025, EN 14373:2021/A1:2025 agus EN 50176:2025, is gá tarraingt siar na dtagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 1953:2013, EN 12621:2006+A1:2010, EN 14373:2021 agus EN 50176:2009 a chur siar.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668 a leasú dá réir sin.

(13) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (1) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo ón 12 Márta 2027.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668 mar a leanas:

(1) scriostar rónna 10, 12, 28 agus 61;

(2) cuirtear na rónna seo a leanas isteach in ord seicheamhach:

| | |
|---|---|
| ‘10a. | EN 1953:2025<br>Trealamh curtha le haghaidh ábhair bhrataithe – Ceanglais sábháilteachta.’ |

| | |
|---|---|
| ‘12a. | EN 12621:2025<br>Innealra le haghaidh ábhair leachtacha bhrataithe a sholáthar agus a chur i gcúrsaíocht - Ceanglais sábháilteachta.’ |

| | |
|---|---|
| ‘28a. | EN 14373:2021/A1:2025<br>Córais plúchta pléisce.’ |

| | |
|---|---|
| ‘61a. | EN 50176:2025 – Córas curtha leictreastatach uathoibríoch le haghaidh ábhair bhrataithe leachtacha inadhainte – Ceanglais sábháilteachta.’. |